C/2026/5418

14.10.2026

# Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/638/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2317 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2318 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine

(C/2026/5418)

Na daoine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2010/638/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2317 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2318 ón gComhairle ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine, dírítear a n-aird siúd ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh go gcomhlíonann na daoine a luaitear sna hIarscríbhinní thuasluaite i gcónaí an critéar a leagtar amach i gCinneadh 2010/638/CBES, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2317, agus i Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2318, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine, agus ba cheart dóibh, dá bhrí sin, a bheith faoi réir na mbeart i gcónaí. Tugtar na forais leis na daoine seo a ainmniú san iontráil ábhartha sna hIarscríbhinní sin.

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 8 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle **roimh an 18 Meitheamh 2027**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 280, 26.10.2010, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/638/oj.
([2]) IO L, 2026/2317, 14.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2317/oj.
([3]) IO L 346, 23.12.2009, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1284/oj.
([4]) IO L, 2026/2318, 14.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2318/oj.